



Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta
Housing Assistance Payment

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Leabhrán Eolais do Thionóntaí
Freagra ar do chuid ceisteanna

www.hap.ie



Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta
Housing Assistance Payment

Clár Ábhair

Faoin leabhrán seo

- 1 Céard í an scéim um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)?
- 2 Cén buntáiste a bheidh le ÍCT domsa?
- 3 Conas a oibríonn ÍCT?
- 4 An féidir liom aistriú chuig Tacaíocht eile Tithíochta?
- 5 An bhfuil teorainneacha le híocaíochtaí ÍCT?
- 6 Cé atá incháilithe don ÍCT?
- 7 Céard iad na coinníollacha nach mór a shásamh don ÍCT?
- 8 Conas a chuirim isteach ar ÍCT?
- 9 Céard iad na cáipéisí a bheidh ag teastáil uaim nuair atá arratas á dhéanamh agam ar ÍCT?
- 10 Cé chomh minic agus a íoctar ÍCT?
- 11 An mbeidh a fhios ag mo thiarna talún faoin ÍCT?
- 12 An bhfuil orm an éarlais a íoc?
- 13 Céard a tharlaíonn do mo Fhorlíonadh Cíos má aistrím go ÍCT?
- 14 Cén áit a bhféadfadh mé tuilleadh eolais a fháil faoi ÍCT?

Faoin leabhrán seo

Tá sé mar aidhm leis an leabhrán seo aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat, mar thionónta, faoi scéim nua na n-údarás áitiúil um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) a fhreagairt. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ag www.hap.ie freisin.

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) Leabhrán Eolais do Thionóntaí

Freagra ar do chuid ceisteanna



1 Céard í an scéim um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)?

Is cineál tacaíochta do thithíocht shóisialta í Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) a chuireann gach údarás áitiúla ar fáil. Faoi ÍCT, is féidir le húdarás áitiúla cúnaimh tithíochta a chur ar fáil do theaghlaigh a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmaí acu, lena n-áirítear go leor teaghlach a fhaigheann an Forlíonadh Cíos a thar thréimhse fhadtéarmach.

Faoi ÍCT, déantar simpliú ar an gcóras reatha atá ann le haghaidh tacaíochtaí tithíochta. Lená chois sin, ceadaítear do theaghlaigh a fhaigheann obair lánaimseartha fanacht sa scéim. Má tá tú incháilithe agus má fhaomhtar thú le haghaidh ÍCT, déanfaidh d'údarás áitiúil íocaíocht mhíosúil le do thiarna talún, faoi réir teorainneacha cíosa, thar do cheannsa. Ina chomaoin sin, íocfaidh tú ranníocaíocht leis an údarás áitiúil i gcomhair do chuid cíosa. Bíonn an 'ranníocaíocht cíosa' seo de réir ioncam an teaghlaigh agat. Ríomhtar é ar an gcaoi chéanna agus a d'íoc tionónta maoiné údarás áitiúil cíosa.

2 Cén buntáiste a bheidh le ÍCT domsa?

Le ÍCT:

- Tugtar cead d'fhaighteoirí dul i mbun fostaíochta lánaimseartha, ach a gcuid tacaíochta tithíochta a fháil freisin.
- Beidh an ranníocaíocht cíosa is infíochta ag faighteoir an ÍCT bunaithe ar an scéim cíosanna difreálacha dá údarás áitiúil. Déantar nasc sa scéim seo idir an ranníocaíocht cíosa a chaitheann teaghlach a íoc agus ioncam an teaghlaigh agus cumas an teaghlaigh íoc.
- Tugtar cúnaimh le caighdeán na cóiríochta a fheabhsú agus leis an earnáil cíosa príobháidí a rialú. Déanfaidh údarás áitiúla an réadmhaoin cíosa a scrúdú chun a chinntiú go sásaíonn sí na caighdeáin riachtanacha.
- Beidh faighteoirí ÍCT in ann leas a bhaint as roghanna agus tacaíochtaí eile tithíochta sóisialta, más mian leo.



- I gcás ÍCT, is leis na húdaráis áitiúla amháin a dhéanfar teagmháil maidir leis na tacaíochtaí tithíochta sóisialta uile.

3 Conas a oibríonn ÍCT?

- a) Ní mór d'fhaighteoirí ÍCT a gcuid cóiríochta féin a aimsiú sa mhargadh cóiríochta príobháidí ar cíós. Ba chóir go mbeadh an chóiríocht seo taobh istigh de theorainneacha cíosa ÍCT. Tá na teorainneacha seo bunaithe ar mhéid do theaghlaigh agus ar an margadh cíosa i do cheantar. Cuirfidh d'údarás áitiúil na teorainneacha cíosa in iúl duit.
- b) Déanfaidh an t-údarás áitiúil íocaíochtaí ÍCT díreach le do thiarna talún ar an gCéadaoin dheireanach de gach mí.
- c) Tá íocaíocht an ÍCT le do thiarna talún faoi réir ag téarmaí agus coinníollacha áirithe. Mar shampla, ní mór duitse, mar thionónta ÍCT, do ranníocaíocht cíosa a íoc le d'údarás áitiúil nó d'fhéadfaí íocaíochtaí ÍCT a chur ar fionraí nó a stopadh ar deireadh.
- d) Ní dhéanfaidh d'údarás áitiúil íocaíochtaí ÍCT le do thiarna talún roimh an dáta a bhfaighidh siad foirm iarratais ÍCT bhailí agus iomlán uait féin agus ó do thiarna talún. Má bhogann tú isteach i réadmhaoín roimh an dáta sin, beidh ort féin aon chíos atá dlite don tréimhse sin a íoc. Tar éis duit tionóntacht a aontú le do thiarna talún, beidh ort foirm iarratais ÍCT bhailí agus iomlán a sheoladh chuig an údarás áitiúil chomh luath agus is féidir.
- e) Cinneann an t-údarás áitiúil cé mhéad cíosa difreálaigh a iarrfar ort a íoc agus cé mhéad d'íocaíocht ÍCT a dhéanfar le do thiarna talún thar do cheannsa. Baineann na húdaráis áitiúla go léir úsáid as seirbhísí Ionad Seirbhísí Comhroinnte ÍCT, atá lonnaithe i Luimneach, chun na híocaíochtaí cíosa difreálaigh go léir a bhailiú ó thionóntaí ÍCT agus na híocaíochtaí cíosa ÍCT go léir a dhéanamh le tiarnaí talún.
- f) Clúdófar do thionóntacht faoi théarmaí an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (ATC) (arna leasú). Ciallaíonn sé seo gur idir tú féin agus do thiarna talún atá, nó a bheidh, an comhaontú tionóntachta. Ní é an t-údarás áitiúil do thiarna talún. Is é an tiarna talún an té lena ndearna tú an



comhaontú cíosa agus an té lena n-íocann an t-údarás áitiúil íocaíocht ÍCT. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi seo ar láithreán gréasáin an RTB, www.rtb.ie

- g) Faoin ÍCT, ceadáítear duit oibriú go lánaimseartha agus leanúint ort ag baint leasa as ÍCT. Leanfar de na híocaíochtaí le do thiarna talún. De réir mar a mhéadóidh do chuid ioncaim, méadóidh do ranníocaíocht leis an údarás áitiúil chomh maith céanna. Is mar seo a bhíonn i gcás réadmhaoine leis an údarás áitiúil. Caithfidh tú aon athruithe ar d'ioncam a chur in iúl don údarás áitiúil láithreach.
- h) Íocfar do ranníocaíocht cíosa go leictreonach. Má tá tú ag fáil íocaíochtaí leasa shóisialaigh trí oifig an phoist, íocfaidh tú do ranníocaíocht cíosa tríd an Scéim Buiséid Teaghlaigh. Cabhróidh sin leat a chinntiú go bhfuil do ranníocaíocht cíosa cothrom le dáta.
- i) Déanfaidh d'údarás áitiúil socrú chun do chuid cóiríochta a scrúdú laistigh d'ocht mí ón gcéad íocaíocht ÍCT a dhéantar le do thiarna talún. Déanfar é seo chun a chinntiú go sásaíonn do chuid cóiríochta na caighdeáin a bhaineann leis an uile réadmhaoin cíosa príobháidigh.
- j) Nuair a cheadófar í le haghaidh ÍCT, beidh an t-údarás áitiúil ag súil go bhfanfaidh tú sa réadmhaoin chéanna ar feadh dhá bhliain ar a laghad. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeifeá in ann iarratas a dhéanamh leis an údarás áitiúil ar íocaíocht nua ÍCT le haghaidh réadmhaoin eile tráth níos luaithe má thagann athrú ar do chuid cúinsí. Mar shampla, má thairgtear post duit i gceantar eile, nó má thagann athrú ar mhéid do theaghlaigh agus nach bhfuil an réadmhaoin mór go leor níos mó. Ní chuireann an socrú seo isteach ar do chaidreamh mar thionónta le do thiarna talún, mar a fhoráiltear leis an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe.

4

An féidir liom aistriú chuig tacaíocht eile tithíochta?

Is féidir. Aon duine a fhaigheann ÍCT atá ag iarraidh leas a bhaint as tacaíochtaí eile tithíochta sóisialta, ní trí chóras reatha an liosta feithimh, ach tríd an gcóras aistrithe a oibríonn údarais áitiúla. Nuair a bheidh ÍCT á fáil agat, féadfaidh tú



iarratas a dhéanamh aistriú ó ÍCT go cineálacha eile tithíochta sóisialta, mar shampla tithíocht údaráis áitiúil.

Mar fhaighteoir ÍCT, ní chuirtear isteach ar an seans atá agat Tacaíocht Tithíochta Sóisialta de chineál eile a fháil má ghlacann tú le ÍCT.

5 An bhfuil teorainneacha le híocaíochtaí ÍCT?

Tá. Faoi reachtaíocht ÍCT, tá teorainneacha le híocaíochtaí ÍCT bunaithe ar líon na ndaoine i dteaghlach agus ar an margadh cíosa sa cheantar a bhaineann le hábhar. Mar sin féin, tá solúbthacht bhreise theoranta ag údaráis áitiúla maidir le dul thar teorainneacha cíosa de réir a fheileann do gach cás. Is féidir leat a thuilleadh eolais a fháil ar na teorainneacha a bhaineann le cóiríocht a oireann do do theaghlach ó d'údarás áitiúil.

6 Cé atá incháilithe don ÍCT?

Ile bheith incháilithe don ÍCT, ní mór ar dtús go ndéanfa iarratas le d'údarás áitiúil ar thacaíocht tithíochta sóisialaí agus go bhfaomhfaí tú ina leith. Má tá do theaghlach ar liosta tithíochta d'údaráis áitiúil cheana féin beidh tú incháilithe don ÍCT. Má tá tú ar liosta tithíochta d'údaráis áitiúil agus go bhfuil Forlíonadh Cíosa á fháil agat faoi láthair, beidh tú incháilithe don ÍCT.

Beidh Forlíonadh Cíosa fós ar fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí do dhaoine nach gcáilíonn do thacaíocht tithíochta sóisialta – mar shampla, duine atá dífhostaithe go sealadach. De ghnáth, d'fhonn is gur féidir leat Forlíonadh Cíosa a fháil, ní mór duit a léiriú go bhfuil cóiríocht ar cíos agat le sé mhí anuas ar laghad agus go raibh d'acmhainn agat do chuid cíosa a íoc ag tús na tionóntachta. D'fhéadfadh go gcáileofa freisin má tá Forlíonadh Cíosa faighte agat ag am ar bith i gcaitheamh an 12 mhí sula ndéantar iarratas.

7 Céard iad na coinníollacha nach mór a shásamh don ÍCT?

D'fhonn is gur féidir le húdarás áitiúil íocaíocht ÍCT a dhéanamh go díreach le do thiarna talún thar do cheann, ní mór duit na coinníollacha seo a leanas a shásamh:



- a) Ní mór duit do ranníocaíocht cíosa sheachtainiúil a íoc leis an údarás áitiúil. Mura n-íocann tú an ranníocaíocht cíosa seo, stopfar nó cuirfear ar fionraí na híocaíochtaí ÍCT a dhéantar le do thiarna talún.
- b) Ní ceadmhach duit féin, ná d'aon bhall den teaghlach, dul i mbun iompar frithshóisialta.
- c) Ní mór don chóiríocht atá agat na caighdeáin a bhaineann le cóiríocht cíosa a shásamh. Déanfaidh d'údarás áitiúil an chóiríocht a scrúdú chun a chinntiú go sásaíonn an réadmhaoín na caighdeáin seo. Socrófar go ndéanfar an scrúdú seo laistigh d'ocht mí ón uair a dhéanfar an chéad íocaíocht ÍCT le do thiarna talún.
- d) Ní mór go mbeadh do thiarna talún comhlíontach ó thaobh cánach de – is é sin, go mbeadh gnóthaí cánach an tiarna talún in ord agus ní mór go mbeadh ar a chumas fianaise ar chomhlíonadh cánach a sholáthar don údarás áitiúil.

D'fhéadfadh nach bhfaomhfadh d'údarás áitiúil iarratas ÍCT mura bhfuil an chóiríocht oiriúnach do riachtanais do theaghlaigh. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur féidir le d'údarás áitiúil cinneadh a ghlacadh gan íocaíochtaí ÍCT a dhéanamh i gcúinsí áirithe - mar shampla, d'fhéadfadh siad íocaíochtaí a stopadh más rud é go mbíonn duine den teaghlach gafa in iompar frithshóisialta.

8

Conas a chuirim isteach ar ÍCT?

Chomh luath agus atá tú incháilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta, tá tú incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar ÍCT.

Má tá tú ar liosta feithimh d'údarais áitiúil cheana féin, is féidir leat an fhoirm iarratais um ÍCT a iarraidh agus do chóiríocht féin a aimsiú. Ní gá an fhoirm iarratais um ÍCT a chomhlánú go dtí tráth **tar éis** duit cóiríocht a oireann duit a aimsiú. D'fhéadfadh gurb í do chóiríocht reatha a bheadh i gceist anseo má tá Forlíonadh Cíosa á fháil agat. Más é seo an scéal, beidh ort labhairt le do thiarna talún toisc nach mór dó sin géilleadh do théarmaí agus do choinníollacha na scéime ÍCT.



Má tá Forlíonadh Cíosa á fháil agat ar feadh tréimhse ama suntasach, d'fhéadfadh an Roinn Coimirce Sóisialaí iarraidh ort dul i dteagmháil le d'údarás áitiúil faoi d'incháilitheacht maidir le tacaíocht tithíochta sóisialta agus iarratas a dhéanamh ar ÍCT.

9 Céard iad na cáipéisí a bheidh ag teastáil uaim nuair atá iarratas á dhéanamh ar ÍCT?

Más iarratasóir nua ar thacaíocht tithíochta sóisialta thú, ní mór duit ar dtús an fhoirm iarratais um thacaíocht tithíochta sóisialaí a chomhlánú. Ansin beidh ort d'fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig d'údarás áitiúil i dteannta leis na cáipéisí uile atá riachtanach chun do chás a mheas. Gheobhaidh tú liosta de na cáipéisí seo ar an bhfoirm iarratais um thacaíocht tithíochta sóisialta ó d'údarás áitiúil.

Má fhaomhtar tú le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta, nó má tá tú ar liosta tithíochta d'údarás áitiúil cheana féin, beidh ort an fhoirm iarratais ÍCT a chomhlánú. **Caithfidh** tú féin agus an tiarna talún an fhoirm seo a shíniú. Baineann formhór na faisnéise ar an bhfoirm seo leis an gcóiríocht, agus áirítear ar an bhfoirm codanna ar leith atá le comhlánú ag do thiarna talún. D'fhéadfadh gurb í an chóiríocht an réadmhaoin ina bhfuil cónaí ort cheana féin má tá Forlíonadh Cíosa á fháil agat faoi láthair, agus go n-aontaíonn do thiarna talún reatha tabhairt faoin scéim ÍCT. Féadfaidh tiarna talún a chuidse/a cuidse den Fhoirm Iarratais ÍCT (Cuid B) a chur ar aghaidh ar leithligh chuig an údarás áitiúil, in éineacht leis an eolas ábhartha.

Má fhaomhtar d'iarratas, síneoidh tú Comhaontú Ranníocaíochta Cíosa le d'údarás áitiúil ar an gcaoi chéanna agus a fhaigheann daoine eile tacaíocht tithíochta sóisialta. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ort freisin cóip a sholáthar den chomhaontú tionóntachta le do thiarna talún. D'fhéadfadh go n-iarrfaí ar do thiarna talún eolas breise a sholáthar freisin - mar shampla, fianaise ar a chomhlíonadh cánach.

10 Cé chomh minic agus a íoctar ÍCT?

De ghnáth, déanfar íocaíocht ÍCT le do thiarna talún ar an gCéadaoin dheireanach de gach mí. Cumhdaíonn an íocaíocht seo do chuid fanachta



sa réadmhaoin don mhí féilire sin. Tá an íocaíocht faoi réir ag téarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear teorainneacha cíosa agus go n-íocfaidh tú do ranníocaíocht cíosa sheachtainiúil leis an údarás áitiúil.

11 An mbeidh a fhios ag mo thiarna talún faoin ÍCT?

Tá go leor tiarnaí talún ar an eolas faoi ÍCT, ach dá mba mhian leat tuilleadh eolais a thabhairt do do thiarna talún mar gheall ar ÍCT, tabharfaidh d'údarás áitiúil leabhrán eolais duit agus is féidir leat é a thabhairt do do thiarna talún. Mínítear sa leabhrán mar a oibríonn ÍCT do thiarnaí talún agus tugtar achoimre ann ar bhuntáistí na scéime do thiarnaí talún. Is féidir leabhráin seo agus tuilleadh eolais ghinearálta ar an scéim a fháil ag www.hap.ie

12 An bhfuil orm an éarlais a íoc?

Tá. Faoin ÍCT, **ní** íocfaidh an t-údarás áitiúil éarlais le do thiarna talún. Beidh tú freagrach as an éarlais a íoc tú féin. I roinnt cúinsí eisceachtúla, d'fhéadfadh go mbeifeá incháilithe chun cabhair a fháil ón Roinn Coimirce Sóisialaí chun cúnamh a fháil éarlais a íoc. Tá sé seo faoi réir a cheadaithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

13 Céard a tharlaíonn do mo Fhorlíonadh Cíosa má aistrím go ÍCT?

Má théann tú isteach sa scéim ÍCT, stopfar do chuid íocaíochtaí Forlíonadh Cíosa chomh luath is a cheadófar d'iarratas ar ÍCT. Scríobhfar chugat féin, mar thionónta, agus chuig do thiarna talún an t-am sin chun an próiseas a mhíniú go soiléir daoibh.

Leanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí de bheith ag íoc Forlíonadh Cíosa le tionóntaí nach gcáilíonn don tacaíocht tithíochta sóisialaí - mar shampla, duine a chailleann ioncam mar thoradh ar dhífhostaíocht shealadach. Nuair a fhilleann siad ar an obair, ní gá tacaíocht a thabhairt dóibh níos mó.

14

Cén áit a bhféadfadh mé tuilleadh eolais a fháil faoi ÍCT?

Déan teagmháil leis an Rannóg Tithíochta i d'údarás áitiúil.



Le haghaidh tuilleadh eolais ar ÍCT, téigh chuig www.hap.ie nó

Láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil: www.housing.gov.ie

nó an láithreán gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh: www.citizensinformation.ie

Tacaíthe By:



An Roinn Tithíochta, Pleanála,
Pobail agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning,
Community and Local Government



Údaráis Áitiúla Éireann
Local Authorities Ireland

